Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**10953/26**

**LIMITE**

**ECOFIN 878**
**UEM 297**
***EIB***
***ECB***

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Bhulgáir |

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**d’fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Bhulgáir**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 126(7) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach, De bharr an mhéid seo a leanas:

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 126 CFAE, seachnóidh na Ballstáit easnaimh rialtais iomarcacha.

(2) Tá an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis bunaithe ar chuspóir an airgeadais rialtais fhónta agus inbhuanaithe mar mhodh chun na dálaí a neartú a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna agus le fás cuimsitheach inbhuanaithe láidir a mbeidh cobhsaíocht airgeadais mar bhonn taca faoi, rud a thacóidh le cuspóirí an Aontais maidir le fás inbhuanaithe agus fostaíocht a ghnóthú.

(3) An [dáta], chinn an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 126(6) CFAE, gurbh ann d’easnamh iomarcach sa Bhulgáir mar gheall ar neamhchomhlíonadh an chritéir easnaimh[1].

PUBLIC

[1] Cinneadh ón gComhairle an [DÁTA] maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann sa Bhulgáir (IO L, [IO: cuir an tagairt isteach san fhonóta seo, le do thoil]).

(4) Le hAirteagal 126(7) CFAE agus Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97[2] ón gComhairle, cuirtear de cheanglas ar an gComhairle moladh a ghlacadh a bheidh dírithe chuig an mBallstát lena mbaineann d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh laistigh de thréimhse áirithe. I gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) 1467/97 ón gComhairle, bunófar leis an moladh sin freisin sprioc-am uasta 6 mhí le haghaidh gníomhaíocht éifeachtach a bheidh le déanamh ag an mBallstát lena mbaineann chun an t-easnamh iomarcach a cheartú, sprioc-am is féidir a laghdú go 3 mhí nuair is gá sin de bharr thromchúis an cháis. Thairis sin, molfaidh an Chomhairle don Bhallstát conair ghlanchaiteachais cheartaitheach a chur chun feidhme[3], lena n-áiritheofar go dtabharfar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI, agus go gcoinneofar faoina bhun sin é, laistigh den sprioc-am a leagtar síos sa mholadh sin. I gcás inar osclaíodh an nós imeachta um easnamh iomarcach ar bhonn an chritéir easnaimh, beidh an chonair ghlanchaiteachais cheartaitheach, de réir Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle, comhsheasmhach le coigeartú struchtúrach bliantúil íosta 0,5 % de OTI ar a laghad mar thagarmharc le haghaidh na mblianta ina meastar go mbeidh an t-easnamh rialtais ghinearálta níos mó ná an luach tagartha. Féadfaidh an Coimisiún, le linn idirthréimhse in 2025, 2026 agus 2027, an tagarmharc a choigeartú chun an méadú ar chaiteachas úis a chur san áireamh agus an chonair ghlanchaiteachais cheartaitheach atá beartaithe le haghaidh na mblianta sin á leagan síos aige, agus Aithris 23 de Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle á cur san áireamh. I gcás inar gá, tá an chonair cheartaitheach le bunú ar réamh-mheastacháin nuashonraithe arna dtáirgeadh ag an gCoimisiún agus úsáid á baint as an modheolaíocht maidir le hAnailís ar Inbhuanaitheacht an Fhiachais. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann saincheisteanna tírshonracha a chur in iúl don Choimisiún, ar saincheisteanna iad a mheasann sé a bheith ábhartha chun an chonair cheartaitheach a shocrú.

---

2 Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/2024-04-30) arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 (IO L, 2024/1264, 30.4.2024).

3 De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí de chuid an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(5) Tháinig méadú 3,1 % ar an bhfíor-OTI sa Bhulgáir in 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, meastar go bhfásfaidh an geilleagar 2,5 % in 2026, mar gheall ar fhás a bheith ag teacht fós ar ghnéithe éilimh intíre. In 2027, meastar go dtacóidh na spreagthaí céanna le fíorfhás OTI 2,2 %. Meastar go mbainfear ráta dífhostaíochta 3,7 % amach in 2026 agus 3,9 % in 2027. Méadófar ar an ráta boilscithe ó 3,5 % in 2025 go 4,2 % in 2026 agus bainfidh sé ráta 2,6 % amach in 2027.

(6) De réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat an 22 Aibreán 2026[4], is é 3,5 % a bhí san easnamh rialtais ghinearálta sa Bhulgáir in 2025. Le Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún Eorpach, réamh-mheastar go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta de 4,1 % de OTI in 2026 agus 4,3 % de OTI in 2027, agus dá bhrí sin, go bhfanfaidh sé os cionn an luacha tagartha 3 % de OTI. De réir na ríomhanna ón gCoimisiún[5], comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 12,3 % in 2025 agus 5,5 % in 2026. Réamh-mheastar gurb é 4,1 % a bheidh san easnamh struchtúrach in 2026 agus meastar go bhfanfaidh sé ar an leibhéal céanna in 2027.

(7) Ag deireadh 2025, ba é 29,9 % de OTI an fiachas rialtais ghinearálta. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú air go dtí 32,3 % de OTI ag deireadh- 2026 agus go dtí 35,5 % de OTI ag deireadh 2027 agus, dá bhrí sin, go bhfanfaidh sé faoi bhun an luacha tagartha 60 % de OTI.

---

4 Táscairí Euro Eurostat a foilsíodh an 22 Aibreán 2026. Féach: https://ec.europa.eu/eurostat/en/web/products-euro-indicators/w/2-22042026-ap.

5 Táblaí Staidrimh Fioscacha ina soláthraítear sonraí cúlra atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar bheartais bhuiséadacha na mBallstát, SWD(2026) 200 final, an Bhruiséil 3.6.2026.



PUBLIC

(8) Tá an chonair ghlanchaiteachais cheartaitheach sa mholadh seo, lena mbunaítear uasrátaí fáis glanchaiteachais, comhsheasmhach le coigeartuithe struchtúracha bliantúla íosta, nó le coigeartuithe príomhúla struchtúracha 0,5 % de OTI ar a laghad, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle agus le hAithris 23 de Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle. Ar bhonn na dtoimhdí maicreacnamaíocha ó Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an chonair ghlanchaiteachais cheartaitheach sa mholadh seo do choigeartú 0,3 pointe céatadáin ar an bpríomh-chomhardú struchtúrach in 2026 agus 0,6 pointe céatadáin in 2027. I gcás 2028 agus 2029, atá lasmuigh den tréimhse ar féidir leis an gCoimisiún an méadú ar chaiteachas úis a chur san áireamh lena linn, comhfhreagraíonn an chonair cheartaitheach do choigeartú bliantúil 0,5 agus 0,6 pointe céatadáin, faoi seach, ar an gcomhardú struchtúrach. Cé go dtugtar le tuiscint, leis an gconair ghlanchaiteachais cheartaitheach in 2026, coigeartú struchtúrach is lú ná 0,5 pointe céatadáin de OTI, ós rud é gur chuir foirmiú déanach an rialtais moill ar ghlacadh buiséid, déantar é sin a chúiteamh leis an gcoigeartú níos airde sna blianta atá fágtha.

(9) An chonair cheartaitheach ghlanchaiteachais a leagtar amach sa mholadh seo, tagann sí in ionad na n-uasrátaí fáis glanchaiteachais a leagtar amach i bpointe 1 den Mholadh ón gComhairle an 20 Meitheamh 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Bulgáire[6].

(10) Ar bhonn na conaire glanchaiteachais ceartaithí a leagtar amach sa Mholadh seo, agus ar bhonn creat réamh-mheastacháin fiachais rialtais meántéarmach an Choimisiúin agus Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta ó 3,5 % de OTI in 2025 go 2,9 % de OTI faoi 2029.

---

[6] Moladh ón gComhairle an 20 Meitheamh 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Bulgáire (IO C, C/2025/3700, 20.8.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/3700/oj).

(11) Ar bhonn na conaire glanchaiteachais ceartaithí sa mholadh seo, agus ar bhonn creat réamh-mheastacháin fiachais rialtais meántéarmach an Choimisiúin agus Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, bheadh an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta-OTI fós ag méadú ó 29,9 % ag deireadh 2025 go 38,3 % ag deireadh 2029, agus é fós go mór faoi bhun an luacha tagartha 60 % de OTI.

(12) Má chloítear leis an gconair ghlanchaiteachais cheartaitheach sa mholadh seo, ba cheart go n-áiritheofaí ceartú marthanach an easnaimh iomarcaigh; ba cheart bearta coincréiteacha a bheith dírithe ar cháilíocht agus comhdhéanamh an airgeadais phoiblí a fheabhsú, ar infheistíocht a chaomhnú agus ar acmhainneacht fáis an gheilleagair a threisiú. Le hathchóirithe de chineál fioscach agus de chineál eacnamaíoch níos leithne, ba cheart feabhas a chur ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta an gheilleagair ar bhealach inbhuanaithe, agus tacú leis an inbhuanaitheacht fhioscach.

(13) An 8 Iúil 2025, ghlac an Chomhairle moladh[7] lena gceadaítear don Bhulgáir imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mholtar le Moladh C/2025/3700 ón gComhairle, le haghaidh na tréimhse 2025–2028.

[7] Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Bhulgáir imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3961, 20.8.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/3961/oj).



PUBLIC

(14) Ba cheart an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta a mheas freisin nuair atá an nós imeachta um easnamh iomarcach á chur chun feidhme agus nuair atá measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíocht éifeachtach déanta ag an mBulgáir. Dá bhrí sin, go dtí 2028, comhlánaítear an chonair ghlanchaiteachais cheartaitheach a leagtar amach sa mholadh seo leis an tsolúbthacht a cheadaítear de bharr an mhéadaithe ar chaiteachas cosanta[8] faoin gclásal éalaithe náisiúnta. Chun a áirithiú nach gcuirfear an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol, ba cheart, leis an moladh seo, an tsolúbthacht uasta a leagan amach, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Márta 2025 agus leis an Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025. Chun na críche sin, ba cheart an tsolúbthacht fhoriomlán uasta faoin nós imeachta um easnamh iomarcach a theorannú don tsolúbthacht nár úsáideadh le linn na tréimhse roimh an gconair ghlanchaiteachais sa mholadh seo.

PUBLIC

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin[9], sháraigh an Bhulgáir an t-uasráta carnach fáis glanchaiteachais le haghaidh 2025, arna mholadh ag an gComhairle an 20 Meitheamh 2025, faoi 2,1 % de OTI. Tagann laghdú go dtí 1,4 % de OTI ar an diall sin nuair a chuirtear san áireamh an tsolúbthacht a cheadaítear leis an Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025, rud a chomhfhreagraíonn d'úsáid na solúbthachta faoin gclásal éalaithe náisiúnta de 0,6 % de OTI. Dá bhrí sin, níl incháilithe chun solúbthacht a dheonú in 2026 go dtí 2028 ach an chuid den mhéadú ar chaiteachas cosanta mar chéatadán de OTI ó bhí an bhliain tagartha 2024 ann, is é sin, an chuid atá os cionn 0,6 pointe céatadáin. Thairis sin, ba cheart an tsolúbthacht uasta atá ar fáil sa tréimhse sin a laghdú ó 1,5 % de OTI go dtí 0,9 % de OTI.

(16) I gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, ní dhéanfaidh an Chomhairle cinneadh an nós imeachta um easnamh iomarcach a aisghairm ach amháin, de bhun Airteagal 126(12) CFAE, i gcás inar tugadh an t-easnamh faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI agus i gcás ina réamh-mheasann an Coimisiún go bhfanfaidh sé amhlaidh sa bhliain atá ann faoi láthair agus sa bhliain ina dhiaidh sin.

---

8 Caiteachas cosanta a mhaoinítear go náisiúnta mar a shainítear in Aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG02).

9 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2026)200, 'Táblaí staidrimh fhioscacha ina soláthraítear sonraí cúlra atá ábhartha maidir leis an measúnú ar bheartais bhuiséadacha na mBallstát', 3.6.2026.

AG MOLADH LEIS SEO:

1. Ba cheart don Bhulgáir a áirithiú nach rachaidh rátaí fáis ainmniúla an ghlanchaiteachais os cionn na n-uasrátaí a leagtar síos san Iarscríbhinn.

2. Dá bhrí sin, ba cheart go gcuirfeadh an Bhulgáir deireadh le staid an easnaimh iomarcaigh faoi 2029.

3. Leagann an Chomhairle sprioc-am síos don Bhulgáir, mar atá, an 15 Deireadh Fómhair 2026, chun gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh agus chun na bearta is gá a chur i láthair, mar aon lena Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2027, atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin agus an Ghrúpa Euro i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 473/2013[10]. Ina dhiaidh sin, ba cheart don Bhulgáir tuairisciú ar an dul chun cinn a dhéantar i dtaca le cur chun feidhme an mholta seo gach 6 mhí ar a laghad, san earrach i gcomhthéacs a tuarascála bliantúla ar dhul chun cinn, faoin 30 Aibreán, agus san fhómhar ina dréachtphlean buiséadach faoin 15 Deireadh Fómhair, go dtí go gceartófar an t-easnamh iomarcach.

4. Go dtí 2028, ceadófar don Bhulgáir na huasrátaí fáis glanchaiteachais a shárú mar a leagtar amach le pointe 1 den mholadh seo, a mhéid nach mó an glanchaiteachas atá de bhreis ar na huasrátaí fáis sin ná an ceann is lú díobh seo a leanas:

   (a) an chuid den mhéadú ar chaiteachas cosanta mar chéatadán de OTI ó bhí 2024 ann, atá os cionn 0,6 pointe céatadáin de OTI; agus

   (b) an tsolúbthacht uasta atá fágtha de 0.9 faoin gcéad de OTI.

5. Sna blianta tar éis 2028, féadfaidh cead a bheith ag an mBulgáir fós na huasrátaí fáis glanchaiteachais, mar a leagtar amach le pointe 1, a shárú a mhéid a bhaineann an glanchaiteachas atá de bhreis ar na huasrátaí fáis sin le seachadtaí trealaimh mhíleata ar síníodh conradh ina leith roimh dheireadh- 2028 agus a mhéid a fhanann an glanchaiteachas sin laistigh den uasteorainn fhoriomlán a luaitear i bpointe 4.

---

[10] Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireachán agus measúnú ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú (IO L 140, 27.5.2013, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/473/oj).



PUBLIC

6. Chun a áirithiú go ndéanfar an caiteachas breise a thaifeadadh i gceart, áireoidh an Bhulgáir sonraí iarbhír agus sonraí beartaithe maidir le caiteachas cosanta iomlán (rannán 02 de COFOG), lena n-áirítear infheistíocht chosanta (rannán 02 P.51 de COFOG), chomh maith le haon chaiteachas atá le maoiniú le hiasachtaí SAFE nach gcumhdaítear in COFOG-02:

le haghaidh na mblianta T-4, T-3, T-2 agus T-1 (sa chás inarb í bliain T an bhliain atá ann faoi láthair), sa tuairisciú don Choimisiún (Eurostat) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle[11];

- le haghaidh na mblianta 2021 go bliain T (an bhliain atá ann faoi láthair), i bpleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta agus i dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 11(1), Airteagal 15 agus Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1263;

- le haghaidh na mblianta T (an bhliain atá ann faoi láthair) agus T+1, i ndréachtphleananna buiséadacha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 473/2013.

Is chuig Poblacht na Bulgáire a dhírítear an Moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[11] Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 maidir le cur i bhfeidhm an Phrótacail maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 145, 10.6.2009, lgh. 1-9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/479/2014-09-01).



PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

**Uasrátaí fáis glanchaiteachais**
**(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)**

**an Bhulgáir**

| Blianta | | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 |
|---|---|---|---|---|---|
| Rátaí fáis (%) | Go bliantúil | 4.2 | 3.4 | 3.4 | 3.2 |
| | Carnach* | 4.2 | 7.7 | 11.4 | 15.0 |

PUBLIC

* Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhliana 2025.